














**Bileog 10.1****Éadaí****Cuid A**

*Ceangail féin agus an duine in aice leat na pictiúir ar chlé leis na focail ar dheis.*

	<b>Gúna</b>
	<b>Seaicéad</b>
	<b>Bristí</b>
	<b>T-léine</b>
	<b>Bróga</b>
	<b>Scaif</b>
	<b>Carbhat</b>
	<b>Lámhainní</b>
	<b>Hata</b>
	<b>Cóta</b>
	<b>Léine</b>
	<b>Geansaí</b>
	<b>Stocáí</b>

**Cuid B**

*Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí na focail sa chéad ghrúpa san uimhir iolra agus na focail sa dara grúpa san uimhir uatha.*

**Grúpa 1:**

Gúna \_\_\_\_\_  
 Seaicéad \_\_\_\_\_  
 T-léine \_\_\_\_\_  
 Scaif \_\_\_\_\_  
 Carbhat \_\_\_\_\_  
 Lámhainní \_\_\_\_\_  
 Hata \_\_\_\_\_  
 Cóta \_\_\_\_\_  
 Léine \_\_\_\_\_  
 Geansaí \_\_\_\_\_

**Grúpa 2:**

Bristí \_\_\_\_\_  
 Bróga \_\_\_\_\_  
 Lámhainní \_\_\_\_\_  
 Stocáí \_\_\_\_\_

**Cuid C**

*Déan cur síos don duine in aice leat ar na héadaí atá tú ag caitheamh inniu. Breac síos ar an t-léine seo focal ar bith nach bhfuil an Ghaeilge agat air.*



**Bileog 10.2****Caithfidh mé. . .****Cuid A**

*Féach ar an fhrása thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat le teacht ar bhealaí ar bith eile chun an rud céanna a rá.*

Tá gúna ag teastáil uaim

---

---

---

**Cuid B**

*Sula n-éisteann sibh leis an téip cuirigí an comhrá thíos san ord ceart trí na huimhreacha 1-4 a chur roimh gach pointe. Ansin éistigí leis an téip – an raibh an ceart agaibh?*

- Tá siopa bróg iontach maith ar Shráid Thomáis.
- Go hiontach! An bhfuil achan rud agat?
- Tá mé ag dul chuig bainis Dé Sathairn.
- Go maith, ach caithfidh mé hata nua a cheannach freisin.
- Tá bróga nua ag teastáil uaim.

**Cuid C**

*Tabharfaidh an múinteoir pictiúr duit ar ball. Is é atá sa phictiúr ná an rud atá tú ag déanamh an deireadh seachtaine seo chugainn. Beidh tú ag siúl timpeall an ranga i gceann tamaill ag rá cén áit a bhfuil tú ag dul agus cad é atá ag teastáil uait le dul ansin. Féach ar na focail/frásaí thíos le cuidiú leat.*

Tá mé ag dul  
chuig/go dtí/go

---

Tá \_\_\_\_\_  
nua ag teastáil uaim



Caithfidh mé  
\_\_\_\_\_ a  
cheannach



## Bileog 10.3

## Éadaí

*Don mhúinteoir!*

Breithlá 	Seoltóireacht 	Laethanta saoire 
An Spáinn 	Taisteal 	Coinne 
Ceolchoirm 	Bainis 	Dinnéar le cairde 
Cóisir 	An Fhrainc 	Nua Eabhrac 

**Bileog 10.4 Caithfidh mé. . .****Cuid A**

*An dtuigeann tú na focail sa dá abairt thíos? Déan féin agus an duine in aice leat iarracht na habairtí a chur san ord ceart.*

tú	trial	bhfeice	as	Bain	go
----	-------	---------	----	------	----

---

go	Cuir	tú	ort	bhfeice	é
----	------	----	-----	---------	---

---

**Cuid B**

*Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.*

**Ag siopadóireacht**



Tá Máire agus Jan ag siopadóireacht le chéile. Caithfidh Máire gúna a cheannach ach níl sé ró-éasca sin a dhéanamh!

1. Cá bhfuil Máire ag dul ag an deireadh seachtaine?

---



---

2. Cad é a chaithfidh sí a cheannach?

---



---

3. Cé mhéad eolais a chloiseann tú faoi na gúnaí?

---



---



---



---

**Bileog 10.5****Cad é do bharúil?****Cuid A**

*Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachai ar na focail/frásaí seo le bhur dtuairim a thabhairt ar éadaí. An féidir libh smaoineamh ar thuairimí eile? Cad is brí leis an bhriathar oir?*



Tá sé go hálainn  
Is breá liom é  
Oireann an dath duit

---



---



---



Níl sé ródheas  
Ní oireann sé duit  
Tá an dath ródhorcha

---



---



---

**Cuid B**

*Féach féin agus an duine in aice leat ar na pictiúir thíos. Faigh amach cad é an tuairim atá ag an duine eile faoi na héadaí éagsúla. Bain úsáid as an cheist seo:*

Cad é do bharúil faoin \_\_\_\_\_?

Crios



Hata



Seaicéad



Scaif



Cóta báistí




Carbhat



Gúna



Sciorta



Léine



Bríste



**Bileog 10.6****Nach maith leat?****Cuid A***Féach ar na struchtúir seo thíos:*

- Nach maith leat an léine sin?
- Ní maith. Tá sí gránna.
  
- Nach maith leat an sciorta seo?
- Is maith. Tá an dath galánta!

*Líon na bearnaí sna habairtí thíos. Tá an bosca ann le cuidiú leat.*

- Nach maith leat na bróga a cheannaigh mé?
- Is maith. \_\_\_\_\_
  
- Nach maith leat an gúna a thug Sinéad dom?
- Is maith. \_\_\_\_\_
  
- Nach maith leat an cóta a thug Seán dom mar bhronntanas?
- Ní maith. \_\_\_\_\_
  
- Nach maith leat an scaif a cheannaigh mé duit?
- Is maith. \_\_\_\_\_
  
- Nach maith leat na brístí sin?
- Ní maith. \_\_\_\_\_
  
- Nach maith leat an hata atá orm?
- Ní maith. \_\_\_\_\_









Tá siad go hálainn	Níl cailleadh ar bith air
Tá sé gránna	Ní oireann siad duit
Oireann an dath dom	Is breá liom é
Tá an dath ródhorcha	Tá sé rómhór
Níl sé ródheas	Tá sé róbheag

**Cuid B***Fiafraigh anois den duine in aice leat an maith leis/léi na héadaí atá tú ag caitheamh inniu. Is féidir libh bréag a insint – níl ann ach cleachtadh. Bíodh an cheist mar seo:*

Nach maith leat mo bhrístí?

**Bileog 10.7****Saor nó daor?****Cuid A**

*Féach ar na hearraí sa cholún ar chlé. Scríobh do thuairim faoin phraghas sa cholún sa lár – an-daor/an-saor/ródhaor/róshaor/díreach i gceart. Beidh tú ag fáil tuairim dhuine eile ar ball.*

Na hearraí	Do thuairim	Tuairim do charad
Hata  €50		
Seancharr  €9,000		
Stocaí  €8		
Ríomhaire  €2,800		
Teach dhá stór  €600,000		
Lámhainní  €7		
Bainis in Éirinn  €27,000		
Béile i mbialann  €200		

**Cuid B**

*Cuir ceist ar an duine in aice leat anois an síleann sé/sí go bhfuil na hearraí daor nó saor agus scríobh a t(h)uairim sa cholún ar dheis. Féach ar an chomhrá seo chun cuidiú leat:*

- Féach ar an phraghas atá ar na bróga. Sílim go bhfuil siad an-daor! Cad é do bharúil?
- Tá. Tá siad ródhaor!

**Bileog 10.8****Céimeanna comparáide na haidiachta****Cuid A**

*Tagann athrú ar na haidiachtaí nuair a chuireann tú ‘níos’ rompu. Ceangail na haidiachtaí ar chlé leis na haidiachtaí le ‘níos’ rompu ar dheis.*

saor	níos faide
daor	níos raimhre
gairid	níos measa
fada	níos saoire
deas	níos áille
olc	níos fearr
maith	níos sine
óg	níos teo
ramhar	níos mó
álainn	níos deise
te	níos lú
sean	níos daoire
mór	níos óige
beag	níos gairide

**Cuid B**

*Bí ag caint leis an duine in aice leat agus déanaigí comparáid idir rudaí éagsúla atá agaibh. Ná déanaigí dearmad ar an fhoirm threise! Mar shampla:*

- Tá mo mhála níos mó ná do mhálasa.
- Tá do sciorta níos faide ná mo sciortasa.
- Tá do leabhar gramadaí níos fearr ná mo leabhar gramadaíse.



**Bileog 10.9****Céimeanna comparáide na haidiachta****Cuid A**

*Léigh an comhrá seo idir Jan agus Máire nuair atá siad ag siopadóireacht. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na bearnaí a líonadh leis an fhoirm cheart den aidiacht. Beidh seans agat éisteacht leis an gcomhrá ar an téip ar ball.*

- Máire: Ní maith liom an gúna glas seo ar chor ar bith. Tá sé i bhfad níos (beag) \_\_\_\_\_ ná an ceann dearg.
- Jan: Tá an ceart agat. Cuir ort an sciorta (gairid) \_\_\_\_\_ go bhfeice tú é! Tá sé níos (deas) \_\_\_\_\_ ná an dá ghúna eile sin.
- Máire: Nach maith leat na gúnaí ar chor ar bith?
- Jan: Is maith, ach tá an sciorta níos (maith) \_\_\_\_\_!
- Máire: Is breá liom an sciorta seo, ach tá sé rud beag ró(fada) \_\_\_\_\_. An bhfuil ceann níos (gairid) \_\_\_\_\_ ann?
- Jan: Tá, seo chugat é.
- Máire: Tá sé sin go (álainn) \_\_\_\_\_, agus tá sé níos (saor) \_\_\_\_\_ ná na gúnaí.

**Cuid B**

*Anois éist leis an téip – an raibh an ceart agaibh i gCuid A thuas?*

**Cuid C**

*Rólghníomhaíocht: Tá tú féin agus do chara ag siopadóireacht. Tá duine agaibh ag ceannach geansaí. Is maith le duine amháin agaibh an geansaí glas agus ní maith leis an duine eile é. B'fhearr leis an duine eile an geansaí dearg. Bíodh comhrá agaibh ag baint úsáide as na focail/frásaí thíos.*

**An Geansaí Glas**

Deas  
Beag  
Saor  
Fada  
Te

**An Geansaí Dearg**

Álainn  
Daor  
Mór  
Gairid  
Maith



á Nuad

**Bileog 10.10****B'fhearr liom!****Cuid A**

*Féach ar an chomhrá seo thíos:*

- Nach maith leat an gúna seo?
- Is maith, ach b'fhearr liom ceann níos faide.

*Anois bí ag obair leis an duine in aice leat agus bainigí úsáid as na pictiúir agus na focail le comhráite a bheith agaibh ar nós an chomhrá thuas.*

Gairid



Fada



Saor



Daor



Beag



Mór

**Cuid B**

*Éist leis an téip agus cuir ciorcal thart ar an aidiacht a chuireann síos ar na hearraí.*

Cainteoir 1:	mór	beag	álainn	saor
Cainteoir 2:	fada	te	gairid	olc
Cainteoir 3:	ramhar	beag	maith	sean
Cainteoir 4:	daor	saor	óg	deas
Cainteoir 5:	gairid	te	beag	álainn

**Bileog 10.11****Cé mhéad?****Cuid A**

*Féach ar an cheist agus ar an fhreagra thíos.*

1. Cé mhéad a chosnaíonn sé?

*Agus an freagra:*

Tá sé caoga is a cúig euro. Tá sé an-saor/Tá sé an-daor/Tá sé ródhaor/Tá sé róshaor/Tá sé díreach i gceart.

**Cuid B**

*Éist leis an téip agus scríobh an praghas ar na héadaí ar fad i bhfoirm uimhreach.*



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_



\_\_\_\_\_











\_\_\_\_\_

**Cuid C**

*Anois, abair na praghsanna os ard leis an duine in aice leat le cleachtadh breise a dhéanamh ar na huimhreacha, agus le feiceáil ar chuala sibh na praghsanna cearta a bhí ar an téip.*

**Bileog 10.12****Cé mhéad?**

1. *Scríobh praghas ar na hearraí seo thíos sa cholún faoin teideal Do phraghas. Beidh an duine in aice leat ag scríobh praghsanna chomh maith ar na hearraí céanna.*
2. *Cuir ceisteanna ar a chéile leis na praghsanna difriúla atá agaibh a fháil. Scríobh na praghsanna atá ag an duine eile sa cholún faoin teideal Praghas eile. Féach ar an sampla seo!*
  - Cé mhéad atá an hata?
  - Cosnaíonn sé fiche agus a sé euro. Cé mhéad a chosnaíonn do hatasa?
  - Tá sé ochtó euro. Tá sé an-daor.
3. *Nuair atá na praghsanna ar fad faighte faoin dá theideal Do phraghas agus Praghas eile, abraigí cé acu an bhfuil siad daor nó saor.*
4. *Scríobh an tuairim a bhí ag an duine eile faoin phraghas a bhí agatsa ar na hearraí éagsúla sa cholún faoin teideal Tuairim an duine eile.*

Na hearraí	Do Phraghas	Praghas eile	Tuairim an duine eile faoi do phraghas
			
			
			
			
			
			
			
			

**Bileog 10.13****Sílim go gceannóidh mé é****Cuid A**

*Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cum comhrá bunaithe ar an phictiúr seo. Bain úsáid as na frásaí sa chiorcal ar dheis. Seo thíos an líne dheireanach a bheidh sa chomhrá:*

- Sílim go gceannóidh mé é!



Tá ... de dhíth orm.

Bain triail as go bhfeice tú.

Cad é do bharúil?

Tá sé saor!

Tá sé níos deise.

B'fhearr liom...

**Cuid B**

*Scríobh an comhrá a chuir sibh le chéile anseo.*

---

---

---

---

---

---

**Cuid C**

*Siúil timpeall an ranga agus bíodh comhrá agat le cúpla duine eile sa rang bunaithe ar an chomhrá a scríobh tú faoi Chuid B, ach cuir tuilleadh leis más féidir.*

**Bileog 10.14****Cén uimhir a chaitheann tú?****Cuid A**

*Féach ar an chomhrá seo thíos:*

- Cén uimhir a chaitheann tú?
- Uimhir a deich






*Scríobh comhrá eile bunaithe ar an chomhrá thuas ach bain úsáid an fhocal méid in áit uimhir. Bí cúramach – cén inscne atá ag an fhocal méid? Agus an mbeidh athrú ar bith ar thús an fhocail?*

---

---

**Cuid B**

*Scríobh uimhreacha a léiríonn cén mhéid a chaitheann tú féin sna héadaí thíos sa cholún ar chlé. Bain úsáid as do shamhlaíocht!*

Na héadaí	Uimhir na n-éadaí
	
	
	
	
	

**Cuid C**

*Anois, labhair leis an duine in aice leat. Féach ar an chomhrá seo le cuidiú leat:*

- Nuair a cheannaíonn tú brístí, cén uimhir a chaitheann tú?
- (Caithim) uimhir a hocht. Agus tú féin?

**Bileog 10.15****Sa siopa!**

*Rólghníomhaíocht: Tá triúr agaibh ag siopadóireacht le chéile. Seo thíos an t-eolas do gach duine. Bíodh comhrá agaibh bunaithe ar an eolas atá tugtha daoibh - cuirigí leis más féidir. Bainigí úsáid as an gcomhrá samplach chun cabhrú libh.*

**Duine A****Tá bróga de dhíth:**

Dath – dubh  
Uimhir - 7  
Cén fáth? - don obair

**Duine B****Tá léine de dhíth:**

Dath – bán  
Uimhir - 12  
Cén fáth? - do bhainis

**Duine C****Tá brístí de dhíth:**

Dath – gorm  
Uimhir - 14  
Cén fáth? - do chóisir

**Comhrá Samplach:**

- Tá bróga de dhíth orm, tá post nua agam.
- Cén uimhir a chaitheann tú?
- Seacht.
- Cuir ort iad seo go bhfeice muid!
- Cad é do bharúil?
- Ní oireann siad duit.
- Nach maith leat iad?
- Ní maith. Tá siad gránna!